C/2025/5376

6.10.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5376)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Orvieto'

PDO-IT-A0846-AM03

Dáta na teachtaireachta: An 8.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Orvieto'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Aireacht um Beartas Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta

Seoladh: Via XX Settembre 20, 00187 an Róimh

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnítear go gcomhlíonann formheas agus teachtaireacht an leasaithe chaighdeánaigh sin na coinníollacha maidir le formheas ar leasú caighdéanach faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha arna nglacadh dá bhun;

Thairis sin, tagann an leasú sin faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, ós rud é nach ceann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) den Rialachán sin é.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte*

Tuairisc: I gcás fíonta geala 'Orvieto' amháin, laghdaíodh an neart alcóil iomlán íosta de réir toirte go 10,00 %.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cúiseanna: Dá laghdófaí an neart alcóil iomlán íosta de réir toirte ón luach 11,50 % atá ann faoi láthair go dtí an luach beartaithe 10,00 %, ní athrófaí ar bhealach ar bith gnéithe sainiúla na bhfíonta a bhfuil ATFC Orvieto acu.

Eascraíonn an iarraidh sin as an ngá atá leis an tsonraíocht táirge a bheith níos solúbtha. Le treochtaí le déanaí, tá [athrú] tagtha ar mhianta agus íogaireachtaí tomhaltóirí. I bhfianaise an mhéid sin, is gá anailís a dhéanamh ar an féidir ról a bheith ag leasuithe ar shonraíochtaí táirge maidir leis an soláthar a leathnú agus féidearthachtaí nua a chruthú.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' den doiciméad aonair.

2. *Mionsonraí an chomhlachta rialúcháin a thabhairt cothrom le dáta*

Tar éis na leasuithe a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, ní áirítear a thuilleadh san fhaisnéis shainordaitheach atá le bheith sa tsonraíocht táirge ainm agus seoladh na n-údarás nó na gcomhlachtaí a fhíoraíonn go gcomhlíontar forálacha na sonraíochta táirge, agus a gcúraimí sonracha.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, ní mór do na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil, na gcomhlachtaí tarmligthe agus na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 39(3) den Rialachán sin a fhoilsiú le haghaidh gach táirge arna ainmniú le tásc geografach agus ní mór dóibh an fhaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Dá bhrí sin, leasaíodh an t-airteagal ina bhfuil tagairtí don chomhlacht rialúcháin, agus cuireadh tagairt d'fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise atá ann.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge; ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

3. *Leasuithe cléireachais ar an tsonraíocht táirge*

Rinneadh leasuithe cléireachais ar airteagail na sonraíochta táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Orvieto

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

a. Cód Ainmníochta Comhcheangailte

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

Fíon geal an ATFC 'Orvieto' lena n-áirítear Superiore (den scoth), Muffa Nobile (lobhadh uasal) agus Vendemmia Tardiva (buaint dhéanach)

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil i gcás an bhunfhíona agus fíon ag a bhfuil an tásc Superiore; suas le buí órga a dtagann dath ómra air de ghnáth le himeacht ama i gcás Muffa Nobile.

Dea-bholadh: dea-bholadh deas agus éadrom, cumhra agus galánta i gcás Muffa Nobile agus Vendemmia Tardiva.

Blas: idir tirim lena mbaineann iarbhlas beagáinín searbh agus milis i gcás an bhunfhíona agus fíon ag a bhfuil an tásc Superiore; milis i gcás Vendemmia Tardiva agus Muffa Nobile.

Faightear fíonta buí ar dhath na tuí a bhfuil dea-bholaithe éadroma, torthaíocha orthu agus aigéadacht mheasartha agus neart alcóil leordhóthanach acu as fíonchaora den dá phríomhchineál fíniúna sa mheascán cineálacha.

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: ó 10,00 % i gcás fíon geal agus ó 11,50 % i gcás cineálacha eile.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: ó 14 g/l i gcás fíona go 20 g/l i gcás Muffa Nobile agus Vendemmia Tardiva.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

—

b. Uastáirgeacht

1. Orvieto

11 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Orvieto Superiore

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

3. Orvieto Muffa Nobile

5 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Orvieto Vendemmia Tardiva

7 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór fíonchaora a úsáidtear chun fíonta 'Orvieto' a tháirgeadh a fhás sa limistéar ina gcuimsítear, go hiomlán nó go páirteach, críocha riaracháin na mbardas seo a leanas: Orvieto, Allerona, Alviano, Baschi, Castel Giorgio, Castel Viscardo, Ficulle, Guardea, Montecchio, Fabro, Montegabbione, Monteleone d'Orvieto agus Porano i gcúige Terni agus Castiglione in Teverina, Civitella D'Agliano, Graffignano, Lubriano agus Bagnoregio i gcúige Viterbo.

Na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Orvieto' a tháirgeadh a fhéadfar an téarma 'Classico' a úsáid ina leith, ní mór iad a tháirgeadh sa limistéar tionscnaimh is sine a shonraítear sa tsonraíocht táirge.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Grechetto B.

Trebbiano Toscano B. — Procanico

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fíon geal an ATFC 'Orvieto', lena n-áirítear Superiore (ardcháilíocht), Muffa Nobile (lobhadh uasal) agus Vendemmia Tardiva (buaint dhéanach)

Tá an limistéar suite i limistéar cnocach in iardheisceart Umbria, ag síneadh chomh fada leis an gcuid thuaidh de Lazio. Is é an limistéar 'Orvieto Classico' an limistéar atá timpeall an 'Rupe' (masaíf thuf). Creidtear gur thuig na hÉatrúscaigh go raibh comhdhéanamh áirithe na carraige tuf fabhrach do phróiseáil agus do chaomhnú an fhíona. Is é an leagan tirim is mó a tháirgtear, ach leantar leis an traidisiún fíon leath-tirim, leathmhilis agus milis a tháirgeadh fós. Táirgtear fíonta as fíonchaora ró-aibí freisin a bhíonn faoi ionsaí *Botrytis cinerea*, a thugann saintréithe uathúla tiúchana agus galántachta dóibh. Chuir na teicnící fáis agus ardleibhéal gairmiúlachta na n-oibreoirí le clú fhíonta Orvieto ar fud an domhain a fheabhsú.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Úsáid ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria'

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria' a úsáid i lipéadú agus i gcur i láthair fhíonta an ATFC 'Orvieto'. Ní mór ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria' a bheith i ndiaidh an ainmniúcháin 'Orvieto' agus a bheith faoin téarma sonrach traidisiúnta (Denominazione di origine controllata [Ainmniúchán tionscnaimh cláraithe]) nó téarma an Aontais (Denominazione di origine protetta [Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint]), mar a leanas:

Orvieto

Denominazione di origine controllata

nó Denominazione di origine protetta

(nó an t-acrainm DOC)

Umbria

Ní mór an chlómhéid le haghaidh an ainm 'Umbria' a bheith ar aon mhéid leis an gceann le haghaidh an ainmniúcháin Orvieto nó níos lú ná é, agus ní mór an chlófhoireann (cló), an stíl, an spásáil, an suntas, an dath agus an déine dhathmhéadrach chéanna a úsáid i gcás an phéire.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23139